**Miontuairiscí ó chruinniú Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a reáchtáladh in Áras na Caibidle, ag 10.30rn, 24 Meitheamh 2024**

**I Láthair (Bord):** Tom Moran (Cathaoirleach), Margaret McCabe,Anne Marie Hoey, Mary Connaughton, Yvonne Cooke*, Valerie Lawlor, Sinead Burns.
Catherine Dobbins (Rúnaí).

Leithscéalta: Colin Menton, Fiona Quinn.

**I láthair go fíorúil.*

---

Bhí cruinniú ag an mBord gan an feidhmeannach i láthair chun torthaí fhéinmheasúnaithe bliantúla an Bhoird agus ábhair eile a phlé. Thoiligh an Cathaoirleach an POF a uasdátú maidir le hábhair a dtarraingeofar anuas níos déanaí; luaigh sé nach dtarraingíodh aon ábhair imní anuas ach rinneadh roinnt moltaí chun na socruithe reatha a fheabhsú.

**Miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo agus ceisteanna a tháinig chun cinn**

Aontaíodh na miontuairiscí.

**Dearbhuithe Leasa**

Ní raibh aon dhearbhuithe leasa.

**Tuairiscí don Bhord**

<u>Tuairisc Oibríochta</u>

Luaigh an Bord an Tuairisc Gnímh Oibríochta (agus na cáipéisí tacaíochta), a scaipeadh roimh an gcruinniú. Thug an POF uasdátú don Bhord maidir le réimsí nach bhfuil na spriocanna soláthair bainte amach iontu. Bhí ceithre fheachtas ann lasmuigh de na PTFanna ar thaobh an Choimisiúin um Cheapacháin Ardleibhéil; cuireadh moill ar thrí cinn acu mar gheall ar dheacrachtaí baill bhoird a fháil; bhí baint ag dhá cheann le tréimhse na Nollag agus bhí baint ag ceann amháin le saineolaí seachtrach a fháil; luaigh an POF gur chuireadh moill ar an gceathrú fheachtais chomh maith mar gheall ar bhaill bhoird a fháil ach bhí sé seo le haghaidh an chomórtais do Rúnaí Cúnta, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus bhí líon an-ard daoine le haghaidh go leor folúntas sa chomórtas sin, agus bhí an próiseas roghnaithe scaipthe amach thar roinnt lá do gach céim. Luaigh an POF gur cuireadh moilliú ar fheachtais Bhoird Stáit mar gheall ar roinnt chúiseanna sna deich bhfeachtas, lena n-áiritear sínte ama ar dhátaí dúnta mar gheall ar líon beag iarratas agus toisc nach raibh ainmnithe cliaint ná ainmnithe seachtracha ar fáil. Luadh go raibh trí cinn de na feachtais moillithe a raibh baint acu le hEarcaíocht d'Fheidhmeannaigh Shinsearacha díreach lasmuigh de na PTF mar gheall ar thréimhse na Nollag agus go raibh neart deacrachtaí leis an bhfeachtas don Bhord Pleanála (le réimse saineolais ag teastáil ar an mbord, rud a chruthaigh deacrachtaí chun an bord a bhailiú le chéile); le dhá cheann de na feachtais, ní raibh an t-ainmní cliaint ar fáil le breis agus mí agus ní raibh an cliant in ann duine eile a chur ar fáil.

Chuir an POF an Bord ar an eolas go bhfuil laghdú 25% tar éis a bheith ann ar líon na n-iarratas do ghráid ghinearálta agus do Róil Ghairmiúla agus Theicniúla don tréimhse ó mhí Eanáir go mí na Bealtaine i gcomparáid leis an tréimhse chéanna i 2023; bhí laghdú suntasach ann chomh maith ar mheasúnaithe a bhain leis an réimse Dlí agus Cirt. Ina theannta sin, mhínigh sí go raibh laghdú 43% tar éis teacht ar an meán-am idir iarratas

folúntais agus ceapachán idir mí Eanáir agus mí na Bealtaine 2024 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna i 2023.

Thug an POF an t-eolas is déanaí don Bhord maidir leis an obair leanúnach chun na PTFanna a bheachtú agus na hábhair iontu; ag cur an Bord ar an eolas go mbeidh dearcadh níos caolchúisí ag an eagraíocht ar na sonraí níos déanaí sa bhliain de réir na hoibre PTF atá ar siúl faoi láthair. Luadh go mbíonn tionchar diúltach ag iarratas a dtagann isteach roimh chomórtais ar na PTFanna, ach moltar do chliaint a n-iarratas a chur isteach go luath toisc gur chuidiú é agus pleanáil á dhéanamh ar líon na ndaoine á nglaoch chun agallamh. Pléifear an modh nua chun na PTFanna a mheas leis an mBord ag an seisiún straitéise i mí Mheán Fómhair. D’athdhearbhaigh an Bord cé chomh tábhachtach atá sé a chinntiú gur chúinsí tomhais agus amlínte iad na PTFanna atá laistigh de smacht na heagraíochta.

Tharraing an Bord aird ar an tábhacht a bhaineann le comhthéacs a thabhairt leis na PTFanna earcaíochta agus le staitisticí a bhaineann le soláthar agallaimh agus measúnaithe chomh maith, ag míniú na hionchuir, na haschuir agus cúiseanna ábhartha eile. D’iarr an Bord ar eolas sa bhreis in áiteanna nach raibh PTFanna á mbaint amach (m.sh. gráid seirbhíse ginearálta) le fáil amach cad atá á dhéanamh againn ar bhonn leanúnach chun tionchar na rioscaí atá i gceist a laghdú. Luaigh an Bord go bhfuil feabhas ag teacht ar na PTFanna sa réimse seo agus go bhfuil athruithe déanta don phróiseas chun na hamlínte a laghdú ach go bhfuil siad fós faoin leibhéal atá ag teastáil.

***Thug an POF an t-eolas is déanaí don Bhord maidir leis an lainseáil branda le déanaí agus luaigh sí go bhfuil rannpháirtíocht mhaith ann, go hinmheánach is go seachtrach. Thug sí eolas nua don Bhord maidir leis an imeacht don chomóradh céad bliain a thosaigh le gréasán earcaitheora ar an láthair a dhírigh ar an mbranda nua agus an chaoi ina bhféadfadh leis feabhas a chur ar mhealladh tallainne ar fud na seirbhíse poiblí; an rolladh amach d’Oleeo atá ag tosú gan mhoill, agus na buntáistí d’iarrthóirí is do chliaint; agus rolladh amach an Chreata Inniúlachta nua go dtí seo, ag tabhairt achoimre ar na tacaíochtaí atá ar fáil do chliaint. Luaigh sí go raibh comóradh oifigiúil le réimse cliaint agus seanbhaill bhoird agus iarPOFanna ag an éacht tráthnóna, agus luaigh sí go raibh rannpháirtíocht agus aiseolas maith ar an imeacht.

Ag an gcruinniú i mí Fheabhra, luaigh an Bord go bhfuil seans go mbeidh deiseanna ann chun tuilleadh iarrthóirí ó Thuaisceart Éireann a mhealladh go róil sa tseirbhís phoiblí agus go mbeidh sé tábhachtach an tionchar a bheadh ag gníomh ar bith a dhéanfar chun é seo a dhéanamh a thomhas. Thug an POF an t-eolas is déanaí dúinn maidir leis an ngníomh seo agus chuir sí an Bord ar an eolas go mbeidh sé seo mar chuid den straitéis meallta nua.

Luadh go bhfuil na gníomhartha uilig ón gcruinniú deireanach curtha i bhfeidhm nó go bhfuil siad ar an gclár don chruinniú seo.

<u>Bainistíocht Riosca</u>

Luaigh an Bord an Tuairisc ar Riosca a cuireadh ar fáil le cáipéisí an Bhoird.

Thug an POF an t-eolas is déanaí don Bhord maidir le roinnt rioscaí cosanta sonraí. Chuir sí an Bord ar an eolas go bhfuair ball foirne rochtain ar STAR chun eolas a fháil ar chomhghleacaí; tharla gníomh smachtaithe mar thoradh, agus ní oibríonn an ball foirne seo san eagraíocht a thuilleadh. Chuir an POF an Bord ar an eolas gur eagraíodh cruinniú speisialta chun an eachtra agus an t-iompar a bhíothas ag súil leis a phlé; bhí an POF agus an tOifigeach Cosanta Sonraí i gceannas ar an gcruinniú seo; luadh go rinneadh suirbhé ar bhaill fhoirne maidir le hiompar den saghas seo, agus is léir ó na torthaí nach fadhb fhorleathan atá ann. Luaigh an POF gur ábhar faoisimh a bhí ann gur rinne ball foirne sách

nua tuairisciú ar an gcás seo. Chuir sí an Bord ar an eolas go bhfuil athruithe á gcur i bhfeidhm i STAR chun an riachtanas nach féidir STAR a úsáid ach le haghaidh fáthanna gnó amháin a neartú.

Chuir an POF an Bord ar an eolas go bhfuil an tOifigeach Cosanta Sonraí tar éis dul i dteagmháil leis an gCeannasaí Cúrsaí Digiteacha agus Straitéise i dtaca lena himní faoin easpa ceadaithe ón Oifigeach Cosanta Sonraí i dtaca leis an measúnú tionchair ar chosaint sonraí d'Oleeo sula sular síníodh an conradh – is sárú príobháideachais d'aon ghnó é seo, go teicniúil; ní cás dosháraithe é seo dar leis an Oifigeach Cosanta Sonraí toisc go bhfuil an eagraíocht ag gníomhú chun cinntiú go bhfuil na cumhdaithe cosanta sonraí don tionscnamh seo i bhfeidhm, agus go bhfuil teagmháil leanúnach déanta leis an soláthraí agus ceannasaí sonraí an tionscnaimh i dtaca le cosaint sonraí agus le GT, ach gur sárú teicniúil é seo.

Tá an POF tar éis an Bord a chur ar an eolas chomh maith go bhfuil rannpháirtíocht déanta maidir le húsáid na teicneolaíochta chun cruinnithe a thaifeadadh, toisc gur reáchtáladh cruinniú ar bhonn píolótach gan measúnacht tionchair chosanta sonraí a bheith déanta; ní tharlóidh trialacha eile go dtí go gcríochnaítear measúnú tionchair ar chosaint sonraí. Luaigh sí go bhfuil gá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí le haghaidh Google Analytics agus táthar ag súil leis go labhróidh Ceannasaí na Margaíochta leis an mBord Bainistíochta faoi seo.

D'aontaigh an Bord gur chóir machnamh a dhéanamh ar an réimse rioscaí agus cúinsí má tá sé i gceist ag an eagraíocht taifead a dhéanamh ar agallaimh, agus mholl siad comhairle dhlíthiúil nó treoraíocht a fháil sula leantar ar aghaidh.

D'fhiafraigh an Bord ar rátáladh riosca 10 i dtaca le tallann ró-íseal; chuir an POF an Bord ar an eolas gur riosca níos mó é seo ag gráid níos ísle, is go léiríonn an rátáil seo an riosca ginearálta toisc go bhfuiltear ag líonadh formhór mór na bhfolúntas. Aontaíodh go gcuirfear tuairisc ar fáil maidir le líonadh na bhfolúntas ar fud na réimsí uilig earcaíochta ag an seisiún i mí Mheán Fómhair.

<u>***Staid Airgeadais</u>

Luaigh an Bord go raibh an Tuairisc Airgeadais mar chuid de na cáipéisí Bhoird.

**Uasdátú ón gCoiste Iniúchta**

Luaigh an Bord na tuairiscí dearfacha a cuireadh ar fáil; luadh gur cuireadh cruinniú an Choiste Iniúchta ar ceal agus, mar sin, nach bhfuil an Coiste tar éis machnamh a dhéanamh ar na tuairiscí go fóill. Luaigh an Bord chomh maith go bhfuil forbairt á déanamh ar an bPlean Iniúchta Straitéiseach do 2025-27 agus go mbeidh an Bord in ann cur leis an bpróiseas seo sula gceadóídh an Coiste Iniúchta an plean deireanach.

**Athbhreithniú Bliantúil ar Shocruithe Iniúchta agus Árachais, agus Athbhreithniú ar Thuairisc Rialachais agus Cultúir**

Luaigh an Bord na hathruithe do na Socruithe Iniúchta agus Árachais, agus d'aontaigh siad na réimsí a aimsíodh le haghaidh breathnaithe san Athbhreithniú ar Rialachas agus Cultúr a phlé ag an gcruinniú i mí Meán Fómhair.

**Réimse Riosca Barrthábhachtach: Earcaíocht do Róil Ghairmiúla agus Teicniúil**
Rinne Sandra Cairns* agus Eimear O'Connor cur i láthair don Bhord faoin réimse riosca barrthábhachtach seo. Mhínigh sé na socruithe atá in áit cheana féin agus iad siúd atáthar ag súil leis go gcuirfidh siad feabhas ar sholáthar sa réimse seo. Chuir an Bord béim ar cé chomh tábhachtach agus atá sé na gnéithe atá an eagraíocht in ann smacht a chur orthu amháin a thomhas, agus chuir siad fáilte roimh an rannpháirtíocht le cliaint chun cinntiú go dtuigeann siad a ról tríd an bpróiseas earcaíochta ar fad.

**Uasdátú ar Thionscadal Nova**

Rinne Andrea Wilson* cur i láthair don Bhord maidir le forbairtí ar an dtionscadal seo. Bhí Sandra Cairns* agus John Norton* i láthair chomh maith. Rinne Andrea cur síos ar na forbairtí go dtí seo agus ar an sceideal don rolladh amach. D'aontaigh an Bord go raibh an uasdátú mar údar misnigh, agus gur thug sé muinín dóibh maidir leis an rolladh amach, agus d'aontaigh an Bord go mbeadh sé oiriúnach an rolladh amach a dhéanamh ina chéimeanna. Cuir an Bord fáilte roimh na deiseanna atá an tionscnamh ag cur ar fáil chun próisis a athrú agus le foghlaim ó thaithí Oleeo in áiteanna eile. Thug an Bord faoi deara gur cuireadh síneadh ama le húsáid STAR, ach nach mbeifí ag brath air an oiread sin ó mhí Dheireadh Fómhair agus Oleeo á rolladh amach. Chuir siad fáilte roimh an ngealltanas ó thaobh an TF de go mbeifí in ann é síneadh ama a chur leis, agus thug siad faoi deara go mbeadh tuilleadh costas i gceist. D'aontaigh an Bord go mbeadh sé úsáideach dóibh seatanna scáileáin ón gcóras a fheiceáil ag cruinniú mhí Mheán Fómhair.

**Gníomhartha ón Tuarisic Athbhreithnithe Acmhainne**

Luaigh an Bord na gníomhartha a tháinig chun cinn de bharr Chéim I. Luadh go raibh méadú tagtha ar chostais Chéim II; tá seans ann go mbeidh gá le gníomh soláthair nó cur chuige éagsúil de dhíth mar thoradh. Luadh go mbeidh an Bord Bainistíochta ag déanamh tuilleadh machnaimh air seo, agus go dtabharfaidís tuilleadh eolais don Bhord maidir leis seo.

**An chéad chruinniú eile agus Aon Ghnó Eile**

Aontaíodh go ndéanfadh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar a ainm chun mearbhall le Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus na boird roghnaithe a sheachaint.

Aontaíodh go gcuirfear atheagar ar an gcruinniú i mí Mhéan Fómhair toisc nach n-oireann an dáta do na Baill Bhoird go léir agus go n-eagrófar cruinniú eile le haghaidh an tseisiúin straitéise sa tráthnóna ar an lá céanna.